

Baboró

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhéile san iarthar. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. lasmuigh	a. <i>concert</i>
2. ag freastal	b. <i>setting out for</i>
3. Féile Ealaíon na Leanaí	c. <i>attending</i>
4. ceolchoirm	d. <i>worldwide</i>
5. imeacht	e. <i>among them</i>
6. ag tabhairt aghaidh ar	f. <i>event</i>
7. comhlacht léiriúcháin	g. <i>outside</i>
8. ar fud na cruinne	h. <i>this Sunday</i>
9. an Domhnach beag seo	i. <i>production company</i>
10. ina measc	j. <i>Children's Arts Festival</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cad é Baboró?
2. Cad iad na himeachtaí a bheidh mar chuid den fhéile?
3. Cá mbeidh sé ar siúl?
4. Cén fáth ar luadh Teach an Phiarsaigh i Ros Muc?
5. Cathain a bheidh an fhéile ar siúl?

Ceist 3

Dear póstaer fógraíochta don fhéile. Bíodh freagraí na gceistanna faoi cheist 2 thuas i measc an eolais a bheidh air.

Cuir do phóstaer i gcomparáid le póstaer an duine in aice leat.



Ceist 4


Cuir na hainmfhocail chuí ón gciorcail faoi na pointí cearta.
(Níl sna pointí thíos ach **treoir** chun inscne ainmfhocail a aimsiú)

Ainmfhocail bhaininscneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –lann:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eog / -óg:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –chan:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:

Ainmfhocail fhirinscneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan leathan:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le guta:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –ín, nuair is ‘níos lú’ atá i gceist:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu:



bord	dánlann	múinteoir
athbheochan	bileog	fuacht
gluaisteán	dreoilín	tíreolaíocht
feasacht	bábóg	ceacht
ceist	dochtúir	cóta

Cuir na hainmfhocail seo, a bhí sa mhír, faoi na pointí cearta thuas:

scoil, dalta, seomra, ceolchoirm, dráma, rang, seachtain, aghaidh, teach, páiste, tuismitheoir, tús, maidín, tír, cathair, amharclann

Ceist 5 ‘...am a chaitheamh leo...’

Cuir na frásaí seo, leis an mbriathar ‘caith’ iontu, in abairtí lena mbrí a léiriú:

- caith le duine:
- caith airgead/am:
- seo caite:
- caith anuas ar dhuine:
- caith amach:

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén tábhacht a bhaineann leis na healaíona sa chóras oideachais?
2. An raibh tú riamh páirteach i ndráma nó i gceolchoirm? Cad é mar a bhí sé?
3. An gcuireann na meáin go leor suime i gcúrsaí cultúrtha sa tír seo, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
g	c	j	a	f	b	i	d	h	e

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Déanaigí plé ar an eolas ar fad ar cheart a bheith ar na póstaer.

Ceist 4

Ainmfhocail bhaininsneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol: *ceist (scoil, ceolchoirm, seachtain, aghaidh, maidin, tír, cathair)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –lann: *dánlann (amharclann)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eog / -óg: *bileog, bábóg*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *tíreolaíocht*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –chan: *athbheochan*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: *feasacht*

Ainmfhocail fhirinsneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan leathan: *gluaisteán, bord (rang, tús, teach)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le guta: *cóta (seomra, dalta, dráma, páiste)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –ín, nuair is ‘níos lú’ atá i gceist: *dreoilín*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *dochtúir, múinteoir (tuismitheoir)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *ceacht, fuacht*

Ceist 5

- caith le duine: treat well
- caith airgead/am: spend time/money
- seo caite: last (last Monday)
- caith anuas ar dhuine: speak badly of someone
- caith amach: throw out/up

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, d'fhan na céadta daltaí scoile ar maidin lasmuigh den tseomra¹ ranga agus iad ag freastal ar imeachtaí éagsúla d'Fhéile Baboró, Féile Ealaíon na Leanaí a thosnaigh² i gCathair na Gaillimh inniu. Beidh ceolchoirmeacha agus drámaí chomh maith le himeachtaí eile ar siúl i rith na seachtaine.

Aodhán Ó Maoileoin

Dhá bhliain is fiche atá caite ag an bhFéile Baboró anseo i gCathair na Gaillimhe. Agus, i mbliana den chéad uair beidh siad ag tabhairt a n-aghaidh ar Theach an Phiarsaigh i Ros Muc. Breathnóimid céard atá ag dul ar aghaidh anseo.

Aislín Ó hEocha, Stiúrthóir Ealaíne

Is féile idirnáisiúnta í Baboró le os cionn caoga imeacht³ thar seacht lá. Is iad na páistí is tábhachtaí agus tugann sé deis do thuismitheoirí am a chaitheamh leo.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá comhlachtaí léiriúcháin ó chuile⁴ áit ar fud na cruinne tar éis a mbealach a dhéanamh go Gaillimh do sheachtain mhór - Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na bPáistí, Baboró. Cuireadh tús le himeachtaí ar maidin inniu agus páistí ar fud na tíre ag baint taitneamh as na himeachtaí éagsúla uilig⁵ atá ar fáil dóibh.

Beidh an fhéile ar siúl go dtí an Domhnach beag seo in amharclanna éagsúla ar fud na cathrach agus ar fud an chontae – Tuaim, Clochán agus Ros Muc ina measc.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

¹ Córas na Mumhan

² a thosaigh an leagan caighdeánach

³ imeachtaí a dúradh

⁴ gach uile an leagan caighdeánach

⁵ uile an leagan caighdeánach